AN FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Crainn a Chur Faoin Tuath

Tá stoc chrainn dhúchasacha agus nádúraithe na hÉireann ag dul i léig le blianta fada anuas mar gheall ar an aois a bheith tagtha orthu agus de bharr galar agus brú ó chúrsaí forbraíochta. Caithfimid crainn nua a chur in ionad na gcrann sna limistéir a chabhraíonn le carachtar ar leith a chruthú do cheantair tuaithe na hÉireann: ar fhálta sceach agus pháirceanna, cois aibhneacha agus bhóithre, feadh ascaillí agus i gcoillte. Is féidir linn acmhainn in-athnuaite d'adhmad agus de chonnadh *(firewood)* a sholáthar don todhchaí agus níos mó gnáthóga a chruthú don fhiadhúlra tríd an stoc de chrainn dhúchasacha agus nádúraithe atá againn a mhéadú.

Tugtar treoir sa bhileog seo d'úinéirí talún agus do dhaoine eile faoi:

- *cá háit le crainn a chur;*
- *conas na crainn chearta a roghnú do na háiteanna cearta;*
- *leideanna maidir le crainn a chur;*
- *costais a bhaineann le crainn a chur agus a chothabháil;*
- *cá háit le tuilleadh eolais agus comhairle a fháil.*

Cá hÁit le Crainn a Chur

Mar choillte beaga – i limistéir nua nó le coillte atá ann cheana féin. Is féidir coillte a ligeadh chun báin a athnuachan trí chrainn nua a chur iontu. Tá coillte beaga ina ngnéithe tábhachtacha de cheantair tuaithe agus soláthraíonn siad adhmad lena úsáid ar an bhfeirm nó le díol agus déanann siad gnáthóga maithe d'fhiadhúlra agus mothair mhaithe chlúdaigh do speicis ghéime. Má ainmnítear do choillse mar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha nó mar Limistéar Caomhantais Speisialta, ní mór duit dul i gcomhairle le do Mhaoirseoir Fiadhúlra le haghaidh comhairle sula ndéanann tú aon obair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh ar an láithreán.

Mar chriosanna foscaidh – Tír ghaofar is ea Éire, agus d'fhéadfadh an tírdhreach a bheith sceirdiúil d'uireasa crann. Baineann sochar le criosanna foscaidh d'ainmhithe feirme agus is féidir leis na criosanna cabhrú le gairdíní agus tithe a dhíonadh ar éifeachtaí díreacha díobhálacha gaotha láidre. Is féidir le crios crann thart faoi 10 méadar (30 troigh) ar leithead foscadh a sholáthar do limistéar atá ar chomhéid le limistéar atá deich n-uaire chomh hard leis na crainn.

In aice le foirgnimh – cé nach moltar crainn a chur ró-chóngarach d'fhoirgnimh, bíonn limistéir oibre níos taitneamhaí agus níos compordaí ach crainn a chur achar sábháilte amach ó chlóis fheirme agus ó fhoirgnimh eile, agus is féidir leo cabhrú le billí téimh a laghdú.

Ar thalamh nach mbaintear úsáid aisti – soláthraíonn roinnt fánaí géara deiseanna le crainn a chur, cabhraítear leis an ithir a dhaingniú dá bharr agus cuirtear carachtar leis an tírdhreach. Is féidir crainn a chur feadh bóithre feirme, cois aibhneacha nó i gcúinní páirceanna.

Ní mholtar crainn a chur ar thailte portaigh nó ar limistéir réisc, nó ar aon limistéir arna n-ainmniú mar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus Limistéir Chaomhantais Speisialta. Má bhíonn aon amhras ort, ba chóir duit dul i gcomhairle le do Mhaoirseoir Fiadhúlra áitiúil nó le hoifig Dúchas (féach an t-eolaire fóin réigiúnach).

Mar a Bhíodh
Tírdhreach Crioslaithe Traidisiúnta



Sa Lá atá Inniu Ann
gnéithe an tírdhreacha á gcailleadh de bharr bhrú na heacnamaíochta



Amach Anseo
cothromaíocht idir riachtanais na feirmeoireachta nua-aimseartha agus an fiadhúlra

Na Crainn Chearta a roghnú do na hÁiteanna Cearta

- ***Bíonn crainn leathanduilleacha dhúchasacha agus an phéin Albanach níos oiriúnaí do thírdhreacha faoin tuath ná buaircínigh neamhdhúchasacha agus crainn ornáideacha.***
- ***Tá roinnt crann ann nach dtiocfaidh aon bhláth orthu mura gcuirtear san ithir cheart iad agus in áiteanna nach bhfuil in aghaidh na síne. Treoir úsáideach ná féachaint cén crainn is fearr atá ag fás sa cheantar máguaird, rud a chinnteoidh go dtiocfaidh na crainn leis an tírdhreach thart orthu agus a fhágfaidh gur fearr an seans go mairfidh siad buan.***
- ***Fásfaidh crainn bheithe, fhearnóige agus sailí ar dhrochithreacha agus ithreacha faoi uisce, agus is féidir leis an gcrann beithe agus leis an bPéin Albanach fás ar ithreacha aigéadacha nó móinteacha. Is fearr leis an bhfuinseog agus leis an gcrann coill ithir a bhfuil cuid mhaith aoil inti.***
- ***Is fearr mar a fhásfaidh an dair agus an feá in áiteanna mar a bhfuil foscadh réasúnta ar fáil dóibh ar láithreáin mhaithe, dhea-dhraenáilte, ach is féidir leis an seiceamar áiteanna in aghaidh na síne cois chósta a sheasamh.***

Má bhíonn amhras ort, téigh i gcomhairle le ceann de na heagraíochtaí arna liostú thíos faoin teideal **Tuilleadh Eolais agus Comhairle.**

Leideanna Maidir le Crainn a Chur

Is maith mar atá crainn dhúchasacha agus nádúraithe tar éis dul in oiriúint do chomhshaol na hÉireann agus is éasca iad a fhás ach roinnt treoirlínte simplí a leanúint.

Méid – an méid de chrann óg is fearr d'fhormhór chuile áit ná an 'fhuip', a bhíonn thart faoi 3 – 5 troigh ar airde. Bíonn fuipeanna níos saoire ná na crainn 'chaighdeánacha' ó phlandlanna agus is féidir leis na fuipeanna fás thar na cinn úd in imeacht roinnt blianta. Ní gá tacaí a chur leo agus ní bhíonn gortghlanadh chomh millteanach riachtanach is a bhíonn leis na 'trasphlandálacha foraoise' is lú ná iad (thart faoi 1 troigh ar airde). Bíonn trasphlandálacha níos saoire áfach le haghaidh limistéar níos mó (m.sh. leathacra nó mar sin). Sainaithneoidh d'ionad gairdín nó do phlandlann chrann fuipeanna, trasphlandálacha nó crainn chaighdeánacha.

Cá hUair le Crainn a Chur – is fearr crainn leathanduilleacha a chur idir mí na Samhna agus mí an Mhárta, ach ní fhad's atá an ithir faoi uisce nó reoite. Is fearr buaircínigh a chur i mí Mheáin Fhómhair nó i mí Aibreáin.

Cosaint – is gá claíocha a chur thart ar chrainn óga le hiad a chosaint ar bheithigh agus bíonn claí de mhogall caol nó tiúbaí crainn ardriachtanach chun iad a chosaint ar choiníní agus ar ghiorriacha. Beidh claíocha le hiad a chosaint ar fhianna ag teastáil in áiteanna mar a mbíonn fadhb le fianna.

Cothabháil – bíonn sé ardriachtanach na crainn a chothabháil lena chinntiú go ndéanann crainn óga tús maith. Ba chóir iad a choinneáil glan amach ó fhialí a thachtfadh iad, de láimh, trí na fialí a ghearradh nó a threascairt, nó trí úsáid a bhaint as fiailnimh, gan ach beagán a spré thart faoi bhun an chrainn. Bíonn sé ina chabhair úsáid a bhaint as tiúbaí crainn freisin. Má bhaineann tú úsáid as luibhicíd *(herbicide)*, ná déan dearmad nár chóir na crainn óga féin a spré. Ba chóir uisce a chur ar chrainn a cuireadh le déanaí más annamh báisteach ann.

Costais a Bhaineann le Crainn a Chur agus a Chothabháil

Tá deontais atá breá mór ar fáil faoi láthair ón tSeirbhís Foraoise le limistéir is mó ná 0.1 heicteár (0.25 acra) a chur faoi chrainn leathanduilleacha agus le 5 heicteár (12 acra) a chur faoi chrainn bhuaircíneacha. Is féidir le feirmeoirí leas a bhaint as bisigh bhliantúla ar feadh tréimhse chomh fada le 20 bliain freisin. Is féidir leis na rátaí seo athrú ó thráth go chéile, agus ba chóir duit dul i gcomhairle leis an oifig áitiúil den tSeirbhís Foraoise le haghaidh bileoga mínithe agus foirmeacha iarratais ar dheontais.

Is é is aidhm leis an Scéim um Choillearnacha Saoráide ná coillearnacha atá ann cheana féin a fhorbairt le haghaidh áiseanna áineasa, spóirt nó caithimh aimsire. Tá bileoga mínithe agus foirmeacha iarratais ar fáil ón tSeirbhís Foraoise.

Bíonn sé de speisialtacht ag cuideachtaí príobháideacha foraoiseachta coillearnacha nua a chur agus aire a thabhairt dóibh (féach **Tuilleadh Eolais agus Comhairle thíos**). Mura bhfuil tú ag baint leasa as deontas, agus más mian leat an obair a dhéanamh asat féin, is féidir na costais a bhaineann le crainn a chur a laghdú tríd an obair a dhéanamh de réir a chéile thar roinnt séasúr, trí roinnt luachan a iarradh ar phlandlanna agus trí na síolta srl. a ordú achar maith sula mbeidh siad ag teastáil, agus trí úsáid a bhaint as fuipeanna agus as trasphlandálacha foraoise seachas as crainn chaighdeánacha.

An Fhoraoiseacht Inbhuanaithe

- ***breisíonn sé an comhshaol nádúrtha, lena n-áirítear córais nádúrtha amhail an timthriall carbóin (carbon cycle)***
- ***tagann sé go deas leis an tírdhreach agus cuimsíonn sé saincheisteanna éiceolaíochta lena n-áirítear limistéir leochaileacha, an bhithéagsúlacht agus cáilíocht an uisce a chosaint***

- ***tacaíonn sé le cáilíocht shaol na tuaithe trí fhostaíocht agus shaoráidí a sholáthar***
- ***soláthraíonn sé adhmad ar bhonn leanúnach***

Tuilleadh Eolais agus Comhairle

Cuideachtaí Stáit

An tSeirbhís Foraoise - an t-údarás rialála don fhoraoiseacht in Éirinn, agus is é a bhíonn freagrach as deontais fhoraoiseachta. Soláthraíonn Cigirí Contae na Seirbhíse Foraoise (féach d'eolaire teileafóin áitiúil) eolas maidir le deontais fhoraoiseachta, scrúdaíonn siad láithreáin agus tugann siad comhairle.

An tSeirbhís Foraoise, Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Eastát Chaisleán Bhaile Sheáin, Co. Loch Garman. Teil (053) 60200

Más feirmeoir thú atá tar éis dul leis an Scéim um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath *(REPS)*, is féidir leat iarraidh ar do phleanálaí feirme obair churtha crann a chur isteach sa phlean feirme, óir beidh ort cloí le coinníollacha na scéime. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ón Roinn Talmhaíochta agus Bia, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil. (01) 6072897, nó ó d'oifig áitiúil na Seirbhíse Forbartha Feirme.

An Fhoraoiseacht Inbhuanaithe – Caibidil 6 den Fhorbairt Inbhuanaithe – Straitéis d'Eirinn. Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1. Teil. (01) 888 2000.

Comhlachtaí Tráchtála

Comhlachas Saothróirí Adhmaid na hÉireann - an scáthchomhlacht do chuideachtaí príobháideacha foraoiseachta a thugann faoi chrainn a chur, agus foraoisí a chothabháil agus a bhainistiú. Is féidir leis an gComhlachas liosta de chuideachtaí den sórt sin a sholáthar. *Comhlachas Saothróirí Adhmaid na hÉireann, 17 Sráid an Chaisleáin, Deilginis, Co. Bhaile Átha Cliath (01) 235 0988*

Coillte Teoranta - tabharfaidh cuideachta foraoiseachta an Stáit faoi chrainn a chur agus foraoisí a bhainistiú i gcomhpháirtíocht le feirmeoirí. *Coillte Teoranta, Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Teil. (01) 6635 200*

Comhlachtaí Deonacha

Is é Comhairle Crann na hÉireann an scáthchomhlacht a fheidhmíonn ar son raon d'eagraíochtaí crann. Tá siad freagrach as Seachtain Náisiúnta na gCrann a eagrú gach bliain agus reáchtálann siad clár oideachais do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna. Tá pacáiste eolais saor in aisce ar fail: *"Growing for Generations"* chomh maith le lámhleabhar cuimsitheach, *"Trees on the Farm" (£7.95), ó CCÉ. Comhairle Crann na hÉireann, Cábán tSíle, Co. Bhaile Átha Cliath. Teil. (01) 6790699. www.treecouncil.ie*

Crann - eagraíocht atá tiomanta do chrainn leathanduilleacha a chur agus a bhainistiú. Eagraíonn siad seimineáir agus ceardlanna maidir le crainn agus leis an bhforaoiseacht, agus reáchtálann siad Féile Samhna na gCrann gach fómhar, féile a bhaineann le crainn. Táirgeann Crann nuachtlitir ráithiúil agus tairgeann siad comhairle. *Crann, Beannchar, Co. Uíbh Fhailí, ríomhphost: info@crann.ie Teil. (0509) 51718.*

Láithreáin Gréasáin: www.crann.ie

Conservation Volunteers Ireland (CVI) - díríonn siad ar obair phraiticiúil chaomhnúcháin agus reáchtálann siad tionscadail um chrainn a chur agus choillearnacha a bhainistiú. *CVI, Teach an Mhaoir, Caisleán Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14 Teil. (01) 435 2878 Ríomhphost: info@cvi.ie Láithreán Gréasáin: www.cvi.ie*

Tagairtí

Bileoga Aicsin ENFO – *Crainn a Chur, Fálta a Bhainistiú, Coillte Beaga a Bhainistiú, Bunsuirbhéireachtaí Crann, Crainn agus Láithreáin Fhorbraíochta*

Trees on the Farm, le Michael Bulfin.

Comhairle Crann na hÉireann, Cábán tSíle, Co. Bhaile Átha Cliath. Lámhleabhar cuimsitheach maidir leis an bhfeirmeoireacht foraoise.

Scéim um Choillearnacha Saoráide – Bileog eolais. An tSeirbhís Foraoise, Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2.

Scéim Dheontas um Fhoraoisiú agus Scéim Bhisigh Foraoise. Bileog Eolais. An tSeirbhís Foraoise, Roinn na Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Soláthraíonn sé eolas ar rátaí agus choinníollacha a bhaineann le deontais agus bisigh, agus liosta de Chigirí na Seirbhíse Foraoise.

Nuachtlitir an Líonra Foraoise Nuachtlitir Sheachtainiúil ó eagraíocht neamhrialtais. Bí i do shíntiúsóir trí ríomhlitir a sheoladh chuig: murphycaroline@eircom.net

Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: ***(01) 8883910***
Lóghlaoch: **1890 200191**
Faics: **(01) 888 3946**
r-phost: ***info@enfo.ie***
www.enfo.ie

Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte
Eanáir 2003